

Ceiliúradh 10 mBlíana i Hortlova

Máirtín Ó Dubhghaill

Bunaíodh an charthanacht *To Russia With Love* i 1998 agus bhí ceiliúradh mór ar siúl amuigh i Hortlova sa samhradh. Bhí an t-ádh orm féin gur éirigh liom a bheith amuigh ann don chúigiú uair. Chaith mé trí seachtainí ann in éineacht leis na gasúir agus de bharr flaithiúlacht mhuintir Chois Fharraige agus chathair na Gaillimhe ba thuras an-dearfa a bhí ann. Ceannaíodh 14 rothar chomh maith le huirlisí ceoil.

Déanadh athchóiriú ar sheomraí codlata na gcailíní agus cuireadh caoi ar an teach gloine álainn a thóg muid anuraidh. Bhí féasta mór ag na gasúir i lár mhí Lúnasa agus tháinig go leor gasúir ó na dílleachtlanna eile sa cheantar le ceiliúradh in éineacht leo. Bhí ceol, craic agus spraoi acu ó mhaidin go hoíche. Fir grinn, Bouncy Castles, cluichí agus neart "Jelly agus Ice-Cream!" Chomh maith leis sin, tugadh na gasúir go dtí an Mhuir Dhubh ar saoire seachtaine – an chéad uair a chonaic siad an fharraige agus an chéad saoire ag an gcuid is mó acu.

Bhí criú teilifíse ó stáisiún Bryansk i láthair agus craoladh 10 nóiméad an oíche dar gcionn ar an stáisiún réigiúnach. Cuireadh agallamh ar Debbie Deegan (bunaitheoir *To Russia With Love* agus ghlac sí buíochas trí huaire go poiblí le muintir na Gaillimhe, agus le muintir Chois Fharraige go speisialta, faoin gcúnamh atá tugtha don iarracht seo le blianta beaga anuas.

Tá sé do-chreidte an feabhas atá tagtha ar shaol na ngasúr seo ó 1998. Bhí an foirgneamh féin ag titim ó chéile 10 mbliana ó shin; seomraí codlata, leithris agus seomraí folctha lofa. Anois tá an áit ag breathnú iontach: leithris agus seomraí glanta agus péinteáilte. Seomra Ríomhairí, Seomraí Cócaireachta agus Seomra Spraoi nuathógtha!


Tá cúigear Rúiseach fostaithe ag *To Russia With Love* sa dílleachtlann agus tá siad neamhspleách ó na hÚdaráis. Má bhíonn tinneas nó aon anró eile ar na gasúir bíonn an cúigear seo ar an láthair leis na fadhbanna seo a réiteach. Tá breis agus 160 dílleachta in Hortlova ó 5 bliana go 17 mbliana. Bíonn orthu an áit a fhágáil nuair a shroicheann siad 17 mbliana. Tá cúig árasán ag *To Russia With Love* do ghasúr ar bith atá

ag iarraidh freastal ar choláiste tríú leibhéal (Tá 29 scoláirí ón dílleachtlann ag freastal ar chúrsaí éagsúla sa choláiste réigiúnach i mBryansk) I 2009 beidh an chéad bheirt ag baint céime amach, Slava ina dhlíodóir agus Valentina ina dochtúir. Ní tharlódh sé seo murach an méid oibre atá déanta ag Debbie Deegan agus a cuid cúntóirí chomh maith le cineáltas agus dea-thoil mhuintir na Gaillimhe & mhuintir Chois Fharraige.

Chuir Cumann Drámaíochta Chois Fharraige léiriú speisialta ar an stáitse i Meitheamh i Seanscoil Sailearna agus d'eagraigh siad Raifil Mór i dTigh Mholly ina dhiaidh sin. Bailíodh ?2,000 ar an oíche do TRWL. Bhí oíche mhór ceoil Tigh Mholly i mí Lúnasa agus bailíodh ?1,000 eile.

Rinne Séamus Ó Scanláin DVD den dráma agus bhronn mé féin ar Debbie Deegan é agus taispeánadh é sin ar an teilifís freisin. Glacann muid buíochas freisin le Cumann Iarobrithe Lúfara an Spidéil faoin ?400 a thug siad dúinn i mbliana

Tá an oiread dul chun cinn déanta i Hortlova le 10 mbliana go bhfuil faoi TRWL 3 dhílleachtlann eile a thógáil faoina gcúram an chéad bhliain eile. Thug mise ?4,245 amach go dtí an dílleachtlann i Hortlova sa samhradh agus caitheadh chuile cent le linn mé a bheith ann! Rothair, uirlisí ceoil, péint, plandaí, neart sólaistí agus caithimh aimsire do na gasúir ar lá an *Fhéasta Mhoir*. Míle buíochas do mhuintir Chois Fharraige as ucht bhuir gcineáltas. Go gcúití Dia libh é!



Máirtín ag bronnadh cóip den dráma *Tórramh san Iarthar* ar Debbie Deegan, bunaitheoir na carthanachta *To Russia With Love*.